Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15031/24**

**JEUN 270**
**SOC 793**
**EMPL 543**
**AGRI 768**
**SUSTDEV 118**
**EDUC 403**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Na treochtaí déimeagrafacha atá ag teacht chun cinn lena múnlaítear deiseanna d'aos óg na tuaithe<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta cúlra a d'ullmhaigh an Uachtaránacht mar bhonn don díospóireacht bheartais a thionólfar ag cruinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt, an 25- 26 Samhain 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Na treochtaí déimeagrafacha atá ag teacht chun cinn lena múnlaítear deiseanna d'aos óg na tuaithe**

Díospóireacht bheartais

Is minice anois a shainítear na treochtaí déimeagrafacha san Aontas Eorpach trí dhaonra atá ag dul in aois, agus is iomaí Ballstát ann ar gá dóibh aghaidh a thabhairt ar an mbánú, rud a fhágann gur minice a bhíonn ganntanais sa lucht saothair sna ceantair sin. Bíonn tionchar suntasach ag na hathruithe sin ar an tsochaí, ar an nglúin reatha agus ar an nglúin atá le teacht, rud a imríonn tionchar ar iomaíochas, athléimneacht agus rathúnas foriomlán an Aontais. Bíonn tionchar mór ag na hathruithe déimeagrafacha freisin ar an gcomhtháthú críochach, eacnamaíoch agus sóisialta lena n-áirítear an comhar idir na glúnta, agus tá Ballstáit agus réigiúin ann ar mó líon na ndúshlán rompu ná atá roimh Bhallstáit nó réigiúin eile.

Is minice anois a bhíonn réigiúin tuaithe ar fud an Aontais thíos leis na hathruithe móra déimeagrafacha sin. Bíodh is nach leis na ceantair thuaithe amháin a bhaineann an bánú, bíonn tionchar díréireach ag na hathruithe déimeagrafacha sin ar na réigiúin sin agus ar dhaoine óga go háirithe. Tá daonra i bhfad níos sine sna ceantair thuaithe ar an meán i gcomparáid leis na lárionaid uirbeacha, agus is mó an seans go dtiocfaidh laghdú ar an daonra iontu. I gcomparáid leis an daonra uirbeach, tá nach mór dhá oiread seans go mbeidh cónaí ar an daonra faoin tuath i gceantar ina bhfuil laghdú ag teacht ar líon na n-oibrithe ardoilte óga[1]. Ina theannta sin, tá an baol ann go dtitfidh na réigiúin sin ina bhfuil an daonra ag dul in aois, ina bhfuil leibhéal íseal oideachais agus a bhfuil cuid mhór de na daoine óga ag fágáil i 'sáinn na forbartha tallainne', rud a bhainfidh an bonn óna gcumas geilleagair inbhuanaithe a thógáil[2]. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach timpeallacht thacúil a chruthú, lena spreagtar daoine óga chun fanacht sna ceantair thuaithe, ar mhaithe le cothú agus forbairt na réigiún sin.

---

[1] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *A ghabhann leis an doiciméad*, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] – SWD(2021) 166 final.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Harnessing talent in Europe's regions* [Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa], COM(2023) 32 final.

Is í an ghlúin óg a spreagann agus a spreagfaidh an dul chun cinn sa tsochaí inniu agus feasta. Bíonn smaointe nuálacha, peirspictíochtaí úra agus dinimic acu, rudaí iad seo atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta an lae inniu. Is féidir le láithreacht, nuálaíocht agus beogacht na ndaoine óga deiseanna nua agus timpeallacht áitiúil rathúil a chruthú agus cur le feidhmíocht mhéadaithe sna réigiúin sin. Mar sin féin, tá dúshláin dhéimeagrafacha shonracha roimh go leor ceantair thuaithe agus iargúlta san Aontas, rud a laghdaíonn forbairt na ndaoine óga agus dá réir a dtionchar ar an timpeallacht áitiúil.

Cuireann an laghdú ar an daonra atá in aois oibre sna ceantair thuaithe agus ceantair bheagfhorbartha bac ar an bhfás agus cuireann sé isteach go díreach ar iomaíochas na hEorpa, ar dúshlán roimh chomhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta an Aontais é. Dá laghad an lucht saothair is ea is deacra a bhíonn sé infheistíocht a mhealladh isteach sna réigiúin tuaithe agus an fás eacnamaíoch a chothú iontu. De réir mar a imíonn na daoine óga ó na ceantair thuaithe, tá an caipiteal daonna agus an tallann is gá chun na nuálaíocht agus an fhorbairt a spreagadh in easnamh sna réigiún sin, agus in olcas a rachaidh na dúshláin atá ann cheana. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa', cuirtear treoir ar fáil darb aidhm an treocht sin a aisiompú trí gheilleagair bhríomhara atá dírithe ar an tallann a chothú sna réigiún sin. Gné lárnach den iarracht sin is ea cur chur chuige comhtháite lena ndírítear ar dheiseanna fostaíochta a éagsúlú, ar an bhforbairt tallainne, ar an oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a fheabhsú, agus ar na ceantair thuaithe a dhéanamh níos tarraingtí mar áiteanna cónaithe, foghlama agus oibre. Faigheann na straitéisí sin tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe agus ó chistí an Aontais agus tá siad ríthábhachtach chun an fhorbairt inbhuanaithe sna réigiúin a áirithiú agus chun iomaíochas gheilleagar na hEorpa a choinneáil.

Ná dearmadtar go n-imríonn na hathruithe déimeagrafacha tionchar ar na ceantair thuaithe agus go mbíonn tionchar ollmhór acu freisin ar chreatlach shóisialta na bpobal sin. D'fhéadfadh gur mó an riosca go gcuirfidh an t-eisiamh sóisialta, an leithlisiú agus an rochtain theoranta ar oideachas, ar oiliúint agus ar dheiseanna fostaíochta, an rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus ar chúram sláinte agus ar thalamh as do dhaoine óga sna réigiúin sin, agus is é is dóichí nach ndéanfaí an ionadaíocht chuí orthu ó thaobh na cinnteoireachta de. Is féidir leis na saincheisteanna sin, mar aon lena hiargúlta atá roinnt ceantar tuaithe, an t-eisiamh sóisialta agus eacnamaíoch a ghéarú agus cumas an phobail é féin a chothú go fadtéarmach a lagú. Mar sin féin, is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag na pobail, ag rochtain chomhionann ar oideachas ardcháilíochta, agus ag deiseanna áitiúla san ardoideachas maidir le daoine óga a choinneáil agus athruithe déimeagrafacha ar nós 'imirce daoine oilte' a mhaolú. Is féidir le naisc láidre phobail, cuimsiú sóisialta, tacaíocht tithíochta áitiúla agus deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach cabhrú le hóige tuaithe a choinneáil rannpháirteach agus infheistithe ina réigiúin áitiúla[3]. Ní mór an chothroime agus an comhar idirghlúine a chothú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Trí chomhar agus tuiscint – idir óg agus sean – a chur chun cinn, is féidir sochaí níos láidre agus níos athléimní a thógáil.
I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 agus i Sprioc Eorpach #3 agus #6 don Óige a ghabhann léi, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé sochaithe cuimsitheacha a chothú agus ceantair thuaithe inar féidir le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach agus borradh a chur fúthu go háitiúil a chruthú[4]. Ní hamháin go bhfuil sé ríthábhachtach aos óg na tuaithe a chumasú chun go n-éireoidh leo as a stuaim féin, ach tá sé ríthábhachtach freisin chun an meath déimeagrafach a aisiompú agus chun na ceantair thuaithe a athbheochan. Trí infheistíocht a dhéanamh ina n-acmhainneacht, is féidir linn pobail níos inbhuanaithí, níos dinimiciúla agus níos nuálaí a chruthú a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.

---

[3] Bárta, O., & Moxon, D. (2024). EUYD10 Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mBúdaipeist na hUngáire. Tuarascáil Chríochnaitheach na Comhdhála. Zenodo. https://doi.org/10.5281/zenodo.13836827

[4] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don Chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (2018/C 456/01).

Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta'[5], cuirtear uirlisí beartais ar fáil do na Ballstáit chun an t-athrú déimeagrafach agus na tionchair a bhíonn aige ar shochaí agus ar gheilleagar an Aontais a bhainistiú, lena n-áirítear an t-iomaíochas domhanda le ceann de na ceithre philéar lena ndírítear ar dhaoine óga. chuige sin, ba cheart beartais phoiblí agus tacaíocht ar an leibhéal ábhartha a choigeartú d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: tacú leis na glúnta níos óige agus iad a chumasú chun go mbeidh rath orthu, go bhforbróidh siad a scileanna, agus chun rochtain níos fearr a bheith acu ar an margadh saothair agus ar thithíocht inacmhainne.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh bunaithe ar na treoircheisteanna seo a leanas. Iarraimid go gcuirfí teorainn 3 nóiméad ar a mhéad leis na hidirghabhálacha.

Na ceisteanna atá le plé:

- Conas is féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na treochtaí déimeagrafacha is mó a chuireann isteach ar dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta?

- Conas is féidir daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu a chumasú chun go bhféadfaidís leas a bhaint as a n-acmhainneacht neamhshaothraithe chun go mbeidh rath orthu go háitiúil?

- Conas is féidir na dea-chleachtais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a roinnt agus a chur chun feidhme ar fud na mBallstát chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a mhaolú, chun an bánú a mhaolú agus chun nach mbeidh ar dhaoine óga na limistéir sin a fhágáil?

---

[5] EUR-Lex - 52023DC0577 - GA - EUR-Lex (europa.eu)